

# *An t-Earrach Thiar*



*Le  
Máirtín Ó Diréain*



# An Chéad Véarsa



## Véarsa a 1:

*Fear ag glanadh cré  
De ghimseán spáide,  
Sa gciúnas shéimh  
I mbrothall lae:  
Binn an fhuaim  
San Earrach thiar.*

## Miniú ar an gcéad véarsa

1. Bhí fear an oileáin ag obair lasmuigh.
2. Is cosúil go raibh sé ag tochailt sa chré lena spád.
3. Ghlan sé an spád mar bhí sé salach le cré.
4. Bhí ciúinas le brath san áit.
5. Bhí an lá go hálainn.
6. Bhí an ghrian ag taitneamh ar an oileán.
7. Chuala an file torann na gaoithe ar an oileán.





# An Dara Vearsa



## Vearsa a 2

*Fear ag caitheamh*

*Cliabh dá dhroim*

*Is an fheamainn  
dhearg*

*ag lonrú*

*I dtaitneamh gréine*

*Ar dhuirling bháin*

*Niamhrach an radharc*

*San Earrach thiar.*

## Miniú ar an dara vearsa

1. Chaith fear ciseán ar a dhroim.
2. Bhí feamainn dhearg istigh ann.
3. Bhí an ghrian ag taitneamh ar an bhfeamainn.
4. Radharc álainn a bhí ann ar an trá bhán.





# An Triú Vearsa

## Vearsa a 3

*Mná i locháin*

*In íochtar diaidh-thrá*

*A gcótaí craptha,*

*Scáilí thíos fúthu:*

*Támh-radharc síothach*

*San Earrach thiar.*

## Miniú ar an triú vearsa

1. Bhailigh mna an oileáin ar an trá.
2. Ní raibh an taoide istigh.
3. Chuir siad a gcasóga suas ar eagla go mbeidh siad fliuch.
4. Chonaic an file scáthanna na mban san uisce.
5. Radharc síochána a bhí ann



Áinm na locháin : Cóipcheart





# Vearsa a 4




## Vearsa a 4

## Miniú ar Vearsa a 4

*Toll-bhuillí fanna  
Ag maidí rámha,  
Currach lán éisc  
Ag teacht chun  
cladaigh  
Ar ór-mhuir mhall  
I ndeireadh lae  
san Earrach thiar.*

1. Chuala an file torann na maidí rámha san uisce.
2. Bhí an currach lán le héisc.
3. Deireadh an lae a bhí ann agus bhí an ghrian ag dul faoi.
4. Chonaic an file an dath óir ar an spéir.
5. Radharc álainn síochána ab ea é.



# \*Na Mothúcháin sa dán Cad iad?

## Vearsa a haon

- Grá
- Iontas
- Meas
- Glíondar
- Cumha
- Brón
- Gruaím
- Uaígneas
- Suaímhneas

Áine Ní Bhrolcháin : Cóipcheart

## Vearsa a 2

## Vearsa a 3

## Vearsa a 4





# \*Na Mothúcháin sa dán

## An Grá

### Grá

- Grá don oileán
- Grá don áit
- Grá do na daoine
- Grá don dúlra/Nadúr

### Léirígh Sampla ón dán

- 'Binn an fhuaim san Earrach thiar.x4' Athrá
- 'In íochtar dhiaidh thrá'
- 'Mná I locháin'
- 'Fear ag glanadh cre'
- 'Ag teacht chun cladaigh ar ór mhuir mhall'.



Aine Ní Bhrolcháin - Cóipcheart



# \* Conas freagra a scríobh ar mhothúcháin an dáin?

## Freagraí Samplacha

- Tá ..... (mothúchán) á leiriú sa dán.
- Is é ..... (mothúchán) an mothúchán is láidre sa dán seo.
- Glacann ..... (mothúchán) páirt forleathan sa dán seo.
- Feicimid ..... (mothúchán) sa dán nuair a dhéanann an file cur síos ar .....
- Tá ..... (mothúchán) sa dán sna línte seo "....."(tagairt an dáin)



Áine Ní Bhriolcháin Cópcheart







# Íomhanna an dáin



1. Déan cur síos ar na híomhanna atá sa dán seo.
2. Cén pictúir a chruthaíonn siad do shaol an oileáin?
3. An maith leat na híomhanna sa dán seo? Cén fáth?

## Freagraí Samhplacha

- Úsáideann an file íomhanna sa dán seo
- Sa chéad vearsa tá íomhá againn ar .....
- Cuireann an íomhá seo go mór le mothúcháin an dáin.
- Léirítear an íomhá seo sna línte .....



Aine Ní Bhrolcháin Cópcheart





# Téama an dáin



Cad é téama an dáin 'An t-Earrach Thiar' le Máirtín Ó Direáin?

- Is é **grá don áit dhúchais** téama an dáin seo.
- Tá an file ag déanamh **cur síos ar shaol an Oileáin**.
- Is é téama an dáin seo ná **grá don tuath**. Tugann an file roinnt íomhanna deasa dúinn chun an méid sin a chur in iúil.
- Déanann sé cur síos ar **radharc** agus ar **fhuaimeanna an oileáin** chun téama an dáin a léiriú go héifeachtach.



Aine Ní Bhrolcháin : Cóipcheart





# Ag léamh an dáin



Déan cleachtadh an dán a léamh don scrúdu cainte.  
Glacann sé sin 35 marc sa scrúdú cainte!

Seo an nasc:

<http://poetrybeo.wordpress.com/tag/poetry-beo-an-tearrach-thiar/>

<https://vimeo.com/42897862>



Aine Ní Bhroicéan : Cóipcheart







# Ag díriú ar an scrúidú




Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Leiriú uait ar bhunsmaoineamh an dáin seo.
2. Nóta ar an gcinéal atmaisféar atá sa dán.
3. Cur síos uait ar na mothúcháin a bhí i gcroí an fhile.
4. Roghnaigh radharc amháin sa dán a thaitníonn leat agus déan cur síos ar.
5. Nóta ar an úsáid a bhaineann an file as íomhanna an dáin.
6. Cad é téama an dáin seo? Mínigh do fhreagra le tagairtí ón dán.



Bhrolcháin : Cóipcheart





# Ag díriú ar an scrúidú




Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Leiriú uait ar bhunsmoineamh an dáin seo.
2. Nóta ar an gcinéal atmaisféar atá sa dán.
3. Cur síos uait ar na mothúcháin a bhí i gcroí an fhile.
4. Roghnaigh radharc amháin sa dán a thaitníonn leat agus déan cur síos ar.
5. Nóta ar an úsáid a bhaineann an file as íomhanna an dáin.
6. Cad é téama an dáin seo? Mínigh do fhreagra le tagairtí ón dán.



Bhrolcháin : Cóipcheart





# Ag díriú ar an scrúidú



Freagair na ceisteanna seo a leanas:

## 1. Leiriú uait ar bhunsmoineamh an dán seo.

Seo dán a chum an file Mairtín Ó Direáin

Tá an dán suite ar Oileán Árainn. Rugadh Mairtín Ó Direáin ar an oileán.

Tá 4 chuimhní ag an bhfile. Tá siad bunaithe ar shaol an oileán.

Tá fear ag tochailt le spád. Tá fear ag iompar fearmann dhearg. Tá na mná ar an trá agus tá na báid ag teacht abhaile ón lá iascaireachta.


Tugann na cuimhní sin solás don fhile. Is maith leis a bheith ag cuimhneamh siar ar shaol síochána an oileáin.



Bhrolcháin : Cóipcheart







## Ag díriú ar an scrúidú



### 2. Nóta ar an gcinéal atmaisféar atá sa dán.

Is áit shíochánta í an t-Oileáin dar leis an bhfile.

Tá atmaisféar suaimhneach ann ó thús go deireadh an dáin.

Dar leis an bhfile tá atmaisféar ciúin agus séimh le brath ar an oileán'.

### Úsáid tagairt anseo: 1 líne'.

Baineann an file úsáid as athrá chun an t-atmaisféar a chruthú. Deir sé 'binn an fhuaim san Earrach Thiar, 'Niamhrach an radharc san Earrach Thiar'.. Cuireann an t-athrá an t-atmaisféar in iúil dúinn sa dán.



Bhrolcháin : Cóipcheart





# Ag díriú ar an scrúidú



1. 3. Cur síos uait ar na mothúcháin a bhí i gcroí an fhile.

Is iomaí mothúchán atá á leiriú sa dán seo. Ina measc tá Grá, Gliondar, áthas, bród, ..... agus .....

Is é grá an mothúcháin is láidre/is treise sa dán seo. Tá grá ag an bhfile don oileán, grá aige do na daoine, grá aige don dúlra agus grá aige don áit. Sa dán déanann an file cur síos ar .....



Bhrolcháin : Cóipcheart





# Ag díriú ar an scrúidú



4. Roghnaigh radharc amháin sa dán a thaitníonn leat agus déan cur síos ar.

5.



Bhrolchàin : Cóipcheart







# Ag díriú ar an scrúidú:



## Ceist 2012

3A (i) "Baineann an file úsáid éifeachtach as íomhánna agus as fuaimeanna chun a bhfuil ina chroí istigh a nochtadh dúinn sa dán An tEarrach Thiar (thíos)."

Déan plé gairid ar an ráiteas sin. (14 marc)


(ii) Críochnaíonn gach véarsa leis an líne "San Earrach thiar". Cén éifeacht a bhaineann le hathrá na bhfocal sin, dar leat? (6 marc)

(iii) Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile seo. (10 marc)



Bhrolcháin : Cóipcheart





# Ag díriú ar an scrúidú:



## Ceist 2019

### 3A. Filíocht Ainmnithe

(i) "Cuimhní an fhile ar nósanna a bhain le saol an oileáin ina óige atá sa dán An tEarrach Thiar (thíos)."

É sin a phlé.

(15 mharc)

(ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin?

(Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)


(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile sin.

(9 marc)



Bhrolcháin : Cóipcheart





# Ag díriú ar an scrúidú:



## Ceist 2016

### 3A. Filíocht Ainmnithe

(i) "Cuimhní an fhile ar nósanna a bhain le saol an oileáin ina óige atá sa dán An tEarrach Thiar

(thíos)."

É sin a phlé.

(15 mharc)

(ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin?

(Is leor pointe amháin eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.)

(6 mharc)

(iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar an fhile sin. (9 marc)



Bhrolcháin : Cóipcheart

